EAGRÁN 35 AIBREÁN 2015

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Published four times a year

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála - Contact Details 2

Plean Forbartha Chill Chomáin - Cill Chomáin Development Plan 3-9

Teoiric agus Cleachtais i bhForbairt Pobail / Community Theory and Practices . . . 9

Seachtain na Gaeilge 2015 10

Damhsa Traidisiúnta agus Ceol / Traditional Dancing and Music Classes 11

Grúpa Scoláirí Meiriceánacha / American Students Visit 11

Bronnadh Mapa Logainmneacha / Placename Map Presentation 12

Ceardlann Gliondar / Gliondar Workshop 12

(Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael)

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Séamus Ó Murchú
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Micheál de Búrca, Bríd Ní Sheighin agus Uinsíonn Mac Graith.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**



Leagann Plean Forbartha Chill Chomáin, atá ullmhaithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo i gcomhar leis an bpobal áitiúil, amach straitéis forbartha don pharóiste le haghaidh an tréimhse cúig bliana 2015-2019. Tógann an plean san áireamh pleanáil straitéiseach náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil le béim ar fhorbairt chothrom, chomhtháite agus ar an gcaoi seo tá sé mar aidhm aige pobal bríomhar muinineach le todchaí inbhuaineach a chur chun cinn.

An Modh Oibre

Aithníonn an plean forbartha seo an gá atá le forbairt pobail 'ón mbonn aníos' áit a gcuireann ionchur phobail na háite agus eolas áitiúil borradh le cumas forbartha na háite. Áirítear sa cháipéis próifíl cheantair den pharóiste agus d'acmhainní áitiúla, próifíl déimeagrafach agus socheachnamaíoch, anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí faoi na cúig mór-rannóga forbartha agus na gníomhaíochtaí molta a eascraíonn as sin. Áirítear sna gníomhaíochtaí uilig critéir mar chomhionannas, inbhuaineacht, a dtionchar ar an timpeallacht agus ar shlí bheatha an phobail áitiúil agus mar sin déanann an straitéis iarracht cothromaíocht a aimsiú idir fhorbairt eacnamaíochta/bhonneagartha agus riachtanaisí sóisialta/cultúrtha. Chuaigh an coiste i gcomhairle leis an bpobal áitiúil ag an staid ullmhúcháin i bhfoirm ceistneoirí, ceardlanna oibre agus lá oscailte inar tugadh cuireadh don phobal freastal le scrúdú a dhéanamh ar an ndréachtphlean agus a dtuairimí a léiriú. Cuireadh an dréachtphlean chuig eagraisí éagsúla forbartha le haghaidh a gcuid ionchur agus moltaí chomh maith.

Na Mór-Rannóga Forbartha

Ag cloí le ráiteas misin an tionscnóra Comhar Dún Chaocháin Teo beidh (a) caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge agus cultúr na háite (b) forbairt acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair ar bhealach comhtháthach, inbhuaineach agus (c) forbairt bhonneagair, áiseanna agus seirbhísí cuí ar mhaithe leis an bpobal ina ghnéithe tabhachtacha den phlean. Cuirfear an misin seo i bhfeidhm tré dhíriú isteach ar na cúig mór-rannóga forbartha seo leanas, a bhfuil gníomhaíochtaí sainiúla ceangailte leo:-

* *Pobal, Fiontar agus Fostaíocht*
* *Oideachas agus Oiliúint*
* *Timpeallacht agus Bonneagar*
* *Teanga, Cultúr agus Turasóireacht*
* *Seirbhísí agus Áiseanna*

Anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí (LLDB), Gníomhaíochtaí agus Cur i bhFeidhm

Is iad an tírdhreach nádúrtha neamhmhillte, an saibhreas oidhreachta cultúrtha agus spiorad bríomhar pobail na láidreachtaí is mó atá ag paróiste Chill Chomáin. Mar gheall ar athraithe agus éiginnteacht sna hearnálacha traidisiúnta mar thalmhaíocht agus iascaireacht caithfidh an pobal dearcadh ar na feidearthachtaí atá ann táirgí/seirbhísí nua a fhorbairt mar thurasóireacht éiceolaíochta, fheirmeireacht orgánach, acmhainní mara agus fiontair beaga eile bunaithe ar acmhainní na háite. Is laigeacht sainiúil forbartha é an t-easpa infheistíochta cuí i mbonneagar agus i seirbhísí riachtanacha agus caithfear dul i ngleic leis seo. Aimsíonn an anailís LLDB deiseanna forbartha i dtreo inbhuaineacht fad-théarmach an phobail tuaithe áitiúil agus is iad seo bunchloch an phlean gníomhaíochta.

Leagann an plean amach clár oibre soiléir praiticiúil agus na 45 gníomh atá sé i gceist a chur i bhfeidhm thar an tréimhse cúig bliana agus torthaí intomhaiste. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an bplean maidir leis an dul chun cinn atá déanta i leith chuile ghníomh. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí eile teacht chun cinn idir an dá linn de réir mar a athraíonn an comhtheacs forbartha pobail. Tá tréimhse ama ceangailte le cuir i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí mar

ghearr-, meán- nó fad-théarma agus leanúnach i roinnt cásanna. Tá cur i bhfeidhm an phlean ag brath go mór ar thacaíocht ó réimse leathan eagraisí agus eagraíochtaí ag obair i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil.

Mar fhocal scoir tá sé mar aidhm ag an bplean seo acmhainní nádúrtha agus daonna, bonneagar, áiseanna agus seirbhísí cuí a fhorbairt ar bhealach comhtháthach, inbhuaineach i dtreo pobal bríomhar muiníneach a chur chun cinn.

NA GNÍOMHAÍOCHTA MOLTA

Pobal, Fiontar agus Fostaíocht

- *Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann tionscnaimh úra a fhorbairt mar shampla feirmeoireacht orgánach, táirgí bia/mara agus táirgí eile breisluacha mar mhalairt ar fheirmeoireacht, iascaireacht agus thionscail traidisiúnta*
- *Oiliúint chuí a eagrú i scileanna fiontair/gnó le cur ar chumas dhaoine fiontair áitiúla a bhunú agus a riaradh*
- *Brú a chur ar na heagraisí cuí leathanbhanda éifeachtach a chur ar fáil ar chostas réasúnta*
- *Brú a chur ar na heagraisí cuí na bóithre réigiúnacha, an R314 ó Bhéal an Átha agus an R312 ó Chaisleán a' Bharraigh, bóithre straitéiseacha forbartha/turasóireachta, a uasghrádú*

Oideachas agus Oiliúint

- *Cláranna oiliúna cuí a eagrú le freastal ar riachtanaisí áitiúla agus foghlaim feadhsaoil a ngríosú*
- *Iarracht a dhéanamh scileanna a fhorbairt san ealaín, drámaíocht, damhsa, ceol arl.*

Timpeallacht agus Bonneagar

- *Brú a chur ar na heagraisí cuí, bóithre an pharóiste a fheabhsú, bóithre portaigh ina measc*
- *Brú a chur ar na heagraisí cuí oibreacha feabhsúcháin a chur i gcrích ag Céibh na Rinne Rua*
- *Brú a chur ar na heagraisí cuí céibh Phort Durlainne a uasghrádú agus áiseanna teagmhasacha a fhorbairt a bhéas dá úsáid ag grúpaí iascaireachta, mara, siamsaíochta agus turasóireachta*
- *Brú a chur ar na heagraisí cuí Céibh a' Chalaidh i Ros Dumhach a fhorbairt (sleamhnán, mullarda &rl.)*
- *Iarracht a dhéanamh seastáin slatiascaireachta agus áiseanna tacaíochta a fhorbairt ag Port a' Chlóidh agus ag An Rinn Rua*
- *Iarracht a dhéanamh an pobal a chur ar an eolas maidir le bainistiú agus caomhnú fuinnimh*
- *An pobal a chur ar an eolas maidir le bainistiú dramhaíola agus athchúrsáil*
- *Feachtais bailiú bruscair a eagrú ag reiligí áitiúla go rialto*
- *Iarracht a dhéanamh oibreacha athnuachana timpeallachta a fhorbairt ar feadh Slí Fhiáin an Atlantaigh mar shampla pointí radhairc agus binsí picnice*
- *Páirt a ghlacadh i bhfeachtais ghlanadh timpeallachta m.sh. Glantachán Náisiúnta Earraigh, Beartas in Aghaidh Bruscair, Cúram an Chósta arl.*
- *Brú a chur ar na heagraisí / heagraíochtaí chuí chun céimeanna cosanta a thógáil le bac a chur le creimeadh an chósta*
- *Iarracht a dhéanamh crainn dhúchasacha a fhás, mar scéim phíolótach éiceolaíoch*

Teanga, Cultúr agus Turasóireacht

- *Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann táirgí breise agus pacáistí saoire cuimsitheacha a fhorbairt bunaithe ar éicthurasóireachta na háite*
- *Comhphairtíocht oibre a lorg leis na heagraisí cuí margaíochta chun an áit a chur ar an mapa agus a chur chun cinn*
- *Iarracht a dhéanamh an soláthar lóistín cláraithe a mhéadú*
- *Iarracht a dhéanamh imeachtaí mar rothaíocht, ailleadóireacht, slatiascaireacht carriage agus mara, breathnóireacht ar mhíolta móra agus deilfeanna, peinteáil tírdhreachta, grianghrafadóireacht, éaneolaíocht, ceardlanna ceirdeanna traidisiúnta arl. a fhorbairt*
- *Aird a dhíriú ar gheolaíocht sainiúil an cheantair mar tharraingt speisialta*
- *Scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ag Achadha Chéide agus Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich a bheith mar bhealaí isteach san áit*
- *Na siúlóidí atá ann a fheabhsú agus tuilleadh siúlóidí a fhorbairt*
- *Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann siúlóid foraoise a fhorbairt (le áiseanna mar bhinsí picnic agus cláranna eolais) ag Béal an Átha Buí*
- *Conair seandalaíochta a fhorbairt agus aird a dhíriú ar láithreáin thabhachtacha áitiúla*
- *An Táin Bó Fhliodhaise a fhorbairt mar tháirge turasóireachta cultúrtha*
- *Deileáil le fiosriúcháin i leith suíomh idirlíne www.gaeltacht.info*
- *Oiliúint chuí a chur ar fáil i leith seirbhísí turasóireachta a bhainistiú ar bhonn proifisiúnta*
- *Moltaí a chur isteach sa Phlean Oidhreachta Chondae*
- *Iniúchadh a dhéanamh ar an fhéidearthacht atá ann Teachaín a' Watch, an sean-teach faire ag Port a' Chlóidh, a athchóiriú*
- *Taispeántais ealaíne agus imeachtaí bunaithe ar cheol traidisiúnta agus ar chultúr na háite a eagrú*
- *Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann ionad il-fheidhmeach cultúrtha a fhorbairt*
- *Tógáil ar na nascanna atá cruthaithe le Ollscoil Boston agus le Gaeltacht an Oileáin Úir i gCeanada*
- *Eolas a bhailiú ar na teampaill uilig sa pharóiste mar acmhainn ghinealeolaíochta*
- *Iarracht a dhéanamh scileanna agus ceirdeanna dúchasacha a chaomhnú – cleachtais tí agus talmhaíochta san áireamh*
- *Leabhar ar dhúlra Chill Chomáin a fhoilsiú*

Seirbhísí agus Áiseanna

- *Fairsingiú a dhéanamh ar na háiseanna óige atá ann cheana féin agus áiseanna úra a fhorbairt*
- *Na seirbhísí réamhscoile Naíonra Dhún Chaocháin agus Naíonra Ghleann na Muaidhe a bhainistiú agus a fhorbairt i gcomhar leis an gcoiste áitiúil*
- *Campaí samhraidh do pháistí bunscoile a eagrú sa pharóiste*

- *Pairtíocht oibre a chur i bhfeidhm le heagraí an Choláiste Samhraidh Gaeilge*

- *Iarracht a dhéanamh próifil na háite a ardú sna meáin tré imeachtaí éagsúla a fhógairt sna nuacháin áitiúla (Western People, Mayo News, Connaught Telegraph, Mayo Advertiser), ar RnaG, TG4, UTV Ireland arl.*

- *Nuachtlitir Chill Chomáin, nuachtlitir ceathrú an chomharchumainn, a fhoilsiú*

- *Seirbhísí eolais a sholáthar mar shampla ról/scéimeanna eagraisí éagsúla forbartha, foinsí airgeadú, forbairt agus bainistiú tograí, deiseanna oiliúna maraon le seirbhísí cóipeála, facs, laminating agus seirbhísí aistriúcháin Gaeilge*

Nóta Breise: *Mar gheall ar thabhacht na teanga Gaeilge tá plean faoi leith curtha le chéile ag Comhar Dún Chaocháin Teo ina ndéantar anailís shainiúil ar staid na Gaeilge sa pharóiste agus ina leagtar amach clár oibre bunaithe ar thorthaí na hanailíse sin.*

CILL CHOMÁIN DEVELOPMENT PLAN 2015 - 2019

The Cill Chomáin Development Plan, which was prepared by Comhar Dún Chaocháin Teo in consultation with the local community, outlines a strategy for the development of the parish over the five year period 2015-2019.

The Cill Chomáin Development Plan takes account of national, regional and local strategic planning where the emphasis is on balanced and sustainable development and doing so it aims to promote a vibrant, self-reliant community with a sustainable future.

Methodology

This development plan recognises the need for a 'bottom up approach' to community development where the input of local people and local knowledge drives the developmental potential of the area. The document incorporates an area profile of the parish and its resources, a demographic and socio-economic profile, a SWOT analysis of the five key areas of development and the resulting proposed actions. All actions are considered in terms of equality, sustainability, their impact on the environment and on the way of life of the local community and in so doing the strategy endeavours to strike an appropriate balance between economic/infrastructural development and social/cultural needs. Consultation with the local community in the planning stages took the form of questionnaires, workshops and an open day where individuals were invited to attend to examine the draft plan and make recommendations. The draft plan was also forwarded to various development agencies for comment.

Key Areas of Development

In keeping with the mission statement of the promoter Comhar Dún Chaocháin Teo, the development plan for the parish of Cill Chomáin will seek to (a) preserve and promote the Irish language and culture (b) develop in an integrated and sustainable way the existing natural and human resources of the area and (c) develop the necessary infrastructure, facilities and services for the benefit of the entire community. This mission will be achieved through the five key areas of development listed below, each with its own specific actions:-

* Community, Enterprise and Employment
* Education and Training
* Environment and Infrastructure
* Language, Culture and Tourism
* Services and Facilities

Analysis of Strengths, Weaknesses, Opportunities and Threats (SWOT), Actions and Implementation

The parish of Cill Chomáin's main strengths are its unspoilt natural landscape, rich cultural heritage and vibrant community spirit. Changes and uncertainty in traditional occupations such as farming and fishing mean the community must examine the potential of developing new products/services such as eco-tourism, organic farming, mariculture and other small enterprises based on local resources. Lack of proper investment in infrastructure and facilities is a significant weakness in terms of future development and this needs to be addressed. The SWOT analysis identifies opportunities for the development and long-term sustainability of this rural community and forms the basis for the proceeding action plan.

The implementation plan sets out a clear, practical programme of work, with 45 associated actions to be carried out over the five year period and measurable outcomes. The plan will be subject to ongoing review to report progress made in respect of each action and new actions may be necessary during its lifetime as the context of community development changes. The timeframe by which it is hoped to achieve the actions is designated as either short-, medium- or long-term and in some instances as ongoing. The successful implementation of this development plan is dependent on the commitment and support of a wide range of agencies and organisations, working in partnership with the local community.

In summary this plan aims to harness and maximise the potential of the natural and human resources and develop the necessary infrastructure, facilities and services in an integrated and sustainable manner towards the promotion of a self-reliant vibrant community.

THE PROPOSED ACTIONS

Community, Enterprise and Employment

- Examine the feasibility of developing new initiatives such as organic farming, local food products, aquaculture and other value added products as an alternative to traditional farming, fishing and industry
- Organise relevant training in entrepreneurial skills to equip people to set up and manage locally-based enterprises
- Lobby the relevant bodies / agencies to provide efficient and affordable broadband access
- Lobby the relevant bodies / agencies to upgrade the regional roads R314 from Ballina and R312 from Castlebar which are strategic roads from a development / tourism perspective

Education and Training

- Aim to organise appropriate training programmes that are relevant to local requirements and encourage lifelong learning
- Aim to develop skills in art, drama, dance, music etc.

Environment and Infrastructure

- Lobby the relevant departments / agencies to carry out improvement and maintenance works on roads, including bog roads, within the parish
- Lobby the relevant departments / agencies to undertake improvement works at the pier at Rinn Rua
- Lobby the relevant departments / agencies to upgrade the existing pier and to develop ancillary facilities at Port Durlainne which can be shared by fishing, aquaculture, leisure and tourism groups
- Lobby the relevant departments / agencies to upgrade Céibh a' Chalaidh at Ros Dumhach (slipway, bollards etc.)

- Aim to develop angling platforms and ancillary facilities at Port a' Chlóidh and Rinn Rua
- Aim to develop public awareness in relation to energy management and conservation
- Aim to increase public awareness in relation to waste minimisation and recycling
- Organise regular refuse clean ups at local graveyards
- Aim to develop environmental enhancement initiatives along the Wild Atlantic Way e.g viewing points and picnic benches
- Participate in environmental clean-up initiatives e.g National Spring Clean, Litter League, Coast Boast etc.
- Lobby the relevant departments / agencies to implement an environmental workplan to help prevent further coastal erosion
- Aim to introduce native tree species, as a pilot scheme, to enhance local ecology and biodiversity

Language, Culture and Tourism

- Examine the feasibility of developing additional products and all-inclusive package holidays based on the eco-tourism potential of the area
- Work in partnership with the relevant marketing agencies to create an awareness of and promote the area
- Aim to increase the provision of registered accommodation
- Aim to develop and market activities such as cycling, abseiling, rock climbing, rock and deep sea angling, whale and dolphin watching, landscape painting, photography, birdwatching, traditional craft workshops etc
- Highlight the area's varied geology as a unique selling point
- Examine the potential of Céide Fields and Ballycroy National Park to act as gateways to the area
- Aim to enhance existing and develop further walking routes
- Examine the feasibility of developing a designated forest walk (including visitor amenities such as picnic benches and nature information boards) at Béal an Átha Buí
- Develop an archaeological trail highlighting local sites of importance
- Highlight and develop the Táin Bó Fhliodhaise (a first century cattle raid into Erris) as a cultural tourism product
- Monitor and process enquiries generated by the website www.gaeltacht.info
- Provide training to operate professional tourism ventures
- Submit proposals to the County Heritage Plan
- Examine the feasibility of restoring Teachaín a' Watch, the abandoned World War II lookout station at Port a' Chlóidh
- Arrange art exhibitions, traditional music and other cultural events
- Examine the feasibility of developing a multi-purpose cultural centre

- Build on the links established with Boston University and Gaeltacht an Oileáin Úir in Canada
- Compile a database on all the graveyards in the parish as a resource for genealogy and family research
- Aim to preserve indigenous skills and crafts e.g. basketmaking, cooper skills, spinning, knitting, crochet, weaving, domestic and agricultural practices etc.
- Publish a book highlighting the landscape, flora and fauna of Cill Chomáin

Services and Facilities

- Aim to build on existing and establish additional youth activities
- Manage and develop the pre-schools Naíonra Dhún Chaocháin and Naíonra Ghleann na Muaidhe in conjunction with local committee
- Organise summer camps in the parish for local primary school children
- Work in co-operation with organiser of Irish Summer College
- Aim to increase the profile of the area in the media by publicising various events in local newspapers (Western People, Mayo News, Connaught Telegraph, Mayo Advertiser), RnaG, TG4, UTV Ireland etc.
- Publish Nuachtlitir Chill Chomáin (Comhar Dún Chaocháin Teo's quarterly newsletter)
- Provide public information services e.g. the role/schemes of various development agencies, sources of funding, project development and management, availability of training opportunities as well as photocopy, fax, laminating and Irish translation services

N.B. Due to the importance of the Irish language and its continued survival, Comhar Dún Chaocháin Teo has a separate language plan with its own specific analysis and programme of action.

Scéalta Eile / Other News

Teoiric agus Cleachtais i bhForbairt Pobail / Community Theory and Practices

Is é Oirthuaisceart Mhaigh Eo an Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER atá ag soláthar agus ag bainistiú réimse chláranna agus seirbhísí ina measc an Clár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (CFÁP) i gceantar oir-thuaisceart Mhaigh Eo agus Iorras faoi láthair. Is í an phríomhaidhm atá aige ná dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus an fhorbairt tuaithe agus phobail a chur chun cinn. Téann an comhlucht i gcomhairle leis na pobail chun aird a dhíriú ar ábhar áitiúil agus chun spriocanna forbartha inbhuaineacha a aimsiú dá gceantar.

Mar chuid dá straitéis tá an comhlucht ag eagrú chláir oiliúna dar teidil 'Teoiric agus Cleachtais i bhForbairt Pobail'. San áireamh i gclár an chúrsa tá Stair na Forbartha Pobail; Teoiric agus Cleachtais i bhForbairt Pobail; Pleanáil Cheantair-Bhunaithe; Ceannaireacht agus Scileanna i nGrúpaí; Anailís Shóisialta agus Taighde / Módhanna Meastóireachta. Reachtáilfear an chéad seisiún eile den chlár in Ionad Pobail Ghleann na Muaidhe Dé Luain, 13ú Aibreán, ag 8.00 i.n. Idir an dá linn is féidir le grúpaí pobail nó daoine aonaracha, ar mhaith leo tionscnaimh shainiúla a fhorbairt, dul i dteagmháil le Justin Sammon ag 094 9256745 / 087 2543795.

Mayo North East is the LEADER Partnership Company covering the geographic area of North East Mayo and Erris. The Company manages a range of programmes and services including the Rural Development Programme and the Local Community Development Programme. Its main objective is to tackle social exclusion and promote

rural and community development. The company actively engages with communities to promote local issues and identify sustainable development objectives for their area.

As part of its strategy the company is delivering a training programme entitled 'Community Development Theory and Practices'. The course content includes History of Community Development; Theory and practices of Community Development; Area Based Planning; Leadership and Group Skills; Social Analysis and Research/Evaluation techniques. The next session of the programme will be held in Glenamoy Community Centre on Monday, 13th April, at 8.00 p.m. In the meantime, community groups and individuals who wish to develop specific projects can contact Justin Sammon on 094 9256745 / 087 2543795

Seachtain na Gaeilge 2015

Is í Seachtain na Gaeilge, a bhí ar siúl ó 1ú go 17ú Márta, ceann de na féilte idirnáisiúnta Ghaeilge is mó in Éirinn agus thar lear. Mar chuid den chlár d'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo imeachtaí éagsúla ina measc seisiúin chomhrá agus seanchas (i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta), ranganna damhsa traidisiúnta agus ranganna ceoil (faoi stiúir Nessa Ní Chuimlín), oíche airneáin agus ceol i gcomhluadar Vincent Mc Grath agus Micheál Ó Seighin, siúlóid Dúlra ó Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg le Séamus Ó Mongáin, agus taispeántas grianghraif dar teidil 'Muintir Dhún Chaocháin'.

Seachtain na Gaeilge, which took place this year from 1st to 17th March, is the biggest international Irish-language festival in Ireland and abroad. To coincide with this Comhar Dún Chaocháin Teo organized various activities including conversation and storytelling (in partnership with Údarás na Gaeltachta), traditional dancing and music classes (under the direction of Nessa Ní Chuimlín), an evening of seanchas and music in the company of Vincent Mc Grath and Micheál Ó Seighin, a nature walk from Ceathrú Thaidhg National School with Séamus Ó Mongáin, and a photographic exhibition entitled 'Muintir Dhún Chaocháin'.

Ranganna Gaeilge / Irish Language Classes

Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim ón tús nó dul chun cinn a dhéanamh leis an méid atá agat agus cleachtadh a fháil ar í a labhairt? Tá Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, ag eagrú Ciorcal Comhrá agus Seanchas in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg d'fhoghlaimeoirí fásta chuile oíche Dé Máirt ag tosnú ag 7.00 i.n. Ranganna neamhfhoirmiúla atá i gceist leis an bhéim ar an nGaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear sa ghnáthchaint. De réir a chéile cuirfidh an cúrsa le do mhuinín i dtuiscint agus i labhairt na teanga.

Would you like to learn Irish or practice and improve on the amount you already have? Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with Údarás na Gaeltachta, is organizing a *Ciorcal Comhrá agus Seanchas* in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg for adult learners on Tuesday nights commencing at 7.00 p.m. Classes are informal with an emphasis on spoken Irish and common phrases used in everyday conversation. The course will add to your confidence in understanding and speaking the language.

Tá breis eolais le fáil ó Vincent ag 087 7557244 nó ó Threasa ag 097 88082 / 087 1251642.

Damhsa Traidisiúnta agus Ceol / Traditional Dancing and Music Classes

Eagraítear ranganna damhsa traidisiúnta agus ceol sa Seanscoil, i gCeathrú Thaidhg chuile Aoine. Déanann na ranganna freastal ar chuile aoisghrúpa idir páistí agus daoine fásta. Bíonn ranganna damhsa le haghaidh páistí ar siúl óna 5.00 i.n. go 7.30 i.n. ; ranganna ceoil óna 7.30 i.n. go 8.30 i.n.; agus ranganna damhsa le haghaidh daoine fásta óna 8.30 i.n. go 9.30 i.n. Tá breis eolais le fáil ó Nessa ag 086 6686803.

Comhghairdeas leis na damhsóirí a ghlac páirt i gCraobh Chonnacht as a n-éacht. Nar laga Dia a n-iarrachtaí.

Traditional Irish Dancing and Music Classes are held in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg every Friday. All age groups and dance levels are catered for from children to adults. Dancing classes for children are organized from 5.00 p.m. to 7.30 p.m.; music lessons from 7.30 p.m. to 8.30 p.m. ; and dancing classes for adults from 8.30 p.m. to 9.30 p.m. For further information please contact Nessa on 086 6686803. Congratulations to the dancers who took part in the Connaught Championships on their wonderful achievements.

Left Photo: Emer Ní Ghearbháin (Ceathrú Thaidhg), Caitríona Nic Aindriú (Cill Ala) agus Alanna Bashford (Ceathrú na gCloch) **Right Photo**: Brona Ní Dhomhnaill (Port Durlainne), Alanna Bashford (Ceathrú na gCloch), Caitríona Nic Aindriú (Cill Ala), Eleanor Nic Aindriú (Port Durlainne), Karen Ní hUigin (Cill Ala) agus Aoife Alexander (Cill Ala)

Grúpa Scoláirí Meiriceánacha / American Students Visit

Thug grúpa scoláirí ó Ollscoil Boston, in éineacht lena stiúrthóir acadúil Rita Ní Dhonnchadha, cuairt ar pharóiste Chill Chomáin i mí Márta. Tá na scolairí, atá ag déanamh staidéir ar Chúrsaí Oidhreachta, ag caitheamh téarma in Ollscoil na hÉireann Gaillimh mar pháirt dár dtaithí staidéir thar lear. Rinne Uinsíonn Mac Graith siúlóid treoraithe leo, áit a bhfuair said léargas ar chultúr agus ar oidhreacht an cheantair.

A group of students from Boston College, accompanied by their academic director Rita Donoghue, visited the parish in March. The students, who are studying Heritage Studies, are spending a term at NUI Galway as part of their study abroad experience. Their visit included a guided walk with Uinsíonn Mac Graith where they gained an insight into the rich cultural heritage of the area.

Bronnadh Mapa Logainmneacha / Placename Map Presentation

Bhronn Uinsíonn Mac Graith mapa de logainmneacha Gaeilge Chill Chomáin ar scoileanna náisiúnta sa bparóiste, Scoil Náisiúnta Ghleann na Muaidhe ina measc. The map and accompanying booklet highlight and describe some of the Irish placenames in the parish of Cill Chomáin.

Ceardlann Gliondar / Gliondar Workshop

D'eagraigh Club Óige Ceathrú Thaidhg ceardlann le Gliondar sa Seanscoil go deiridh áit ar fhoghlaim na rannphairtithe na scileanna a bhaineann le beochan stop-gluaiseacht a chur le chéile. Rinneadh forbairt ar scéal faoi 'Droichead Annie Brady' (le suíomh, carachtairí, fuaimeanna, caint, ceol, teidil chreidiúna arl.) faoi stiúir fhoireann Gliondar. Tá an beochan stop-gluaiseacht le feiceáil ar an nasc idirlíne https://vimeo.com/123550503

Club Óige Ceathrú Thaidhg organized a workshop with Gliondar in the Seanscoil recently where participants learnt the skills necessary to compile a short animation (like a cartoon) with a story, location, characters and graphics, background sounds, dialogue, music, credits etc. The selected story was Annie Brady's Bridge and the final animation can be viewed on the internet link https://vimeo.com/123550503

Uinsíonn Ó Dochartaigh, Seoirsín Bashford and Alanna Bashford compile a short animation under the guidance of Rosaleen Ní Shuilleabháin and Vanessa Daws from Gliondar.